# Cá bhfuil sleamhnán Nóra?



Scríofa agus maisithe ag:
Elmira Zadissa
Ramona Zadissa



Faoi dheireadh, tá an geimhreadh ann. Tá calogá sneachta **móra** agus beaga ag titim taobh amuigh de fhuinneog Nóra.

978-91-987738-1-1©2022 Elmira Zadissa, Ramona Zadissa




Tá cairde Nóra ag súgradh taobh amuigh sa sneachta.

Téann siad go léir síos an cnoc ar a sleamhnáin.



- Cá bhfuil mo shleamhnán?

a smaoiníonn Nóra.




- B'fhéidir go bhfuil sé san íoslach. Rachaimid síos chun é a lorg, arsa Daid.




Téann Nóra, Daid, agus an babaí síos go dtí an íoslach.


Tá sé an-dorcha san íoslach agus
tá a lán rudaí scapaithe
ar fud na háite.
Rudaí móra, rudaí beaga, agus...
... rudaí aite .


Ach ní fheiceann Daid
aon rud ait.
Leanann sé ar aghaidh ag lorg ag lorg agus ag lorg...
-Cad é sin? An bhfuair tú
ollphéist an íoslaigh?
a fhiafraíonn Nóra.


Cabhraigh liom!!!
- Cad as a dtáinig é seo?
a bhéiceann Daid.


- Ná bíodh eagla ort!
Cuideoidh mé leat.
Siúlann Nóra
timpeall ar a barraicíní
go dtí ollphéist an íoslaigh.


- A Dhaidí, ní h-é
sin ollphéist an
íoslaigh! arsa Nóra.


Tosaíonn Daid ag gáire.
-Tá an ceart agat.
Níl ann ach blaincéad babaí.


Cuardaíonn sé an sleamhnán i ngach áit ach níl sé ábalta é a fháil in aon áit.
Fan nóiméad...
Cad é seo?

- Francach ollmhór!!!

Le bola bréan uafásach!





- Is bola bréan uafásach é! a deir Daid.

- Ach, an bhfuil a fhios agat? Ceapaim gur bróga





peile do dheirfiúr atá sa fhranach ollmhór sin.


Cuardaíonn Daid…
… suas ar…
…agus…
… faoi…
… gach rud ach níl sé ábalta
an sleamhnán a fháil.
Cad atá i bhfolach sa dorchadas?
-Seachain a Dhaid!
Cráin dhubh
chrosta!!!



\- Cráin dhubh?

Cén fáth a bhfuil sé crosta?



\- B'fhéidir mar dhúisigh tú é!

Iarrfaidh mé air.




- Hee, hee. Féach! Ni cráin dhubh chrosta atá ann. Níl ann ach ruga, arsa Nóra.


Ligeann Daid osna as agus deir sé:
A Nóra, gheobhaimis an sleamhnán i bhfad níos gaiste dá gcabhreofá liom é a fháil in áit eagla a chur orm an t-am ar fad.


Tosaíonn Nóra ag cabhrú le Daid.
Cuardaíonn siad i ngach áit.
Taobh thiar de chóta Mam.
Sa chás glas
agus faoin ngúna dearg.
Ach níl an sleamhnan le fáil in aon áit.
B'fhéidir go bhfuair an babaí rud éigin?


- Tabhair aire a Dhaid!
Sin é Dumber an Dragan
áta an-místuama,
arsa Nóra


-Bhuel, ní Dumber an Dragan áta ann.
Ach bhfuil a fhios agat cad áta i bhfolach
anseo?

Mo shleamhnán! Mo shleamhnán álainn iontach!!! B'fhada liom uaim é.






B'fhéidir go bhfuil níos mó rudaí aite san íoslach ach níl aon am ag Nóra iad a fháil.





Fuair Nóra a sleamhnán faoi dheireadh.
Anois, teastaíonn uaithi a cuid éadaí
a athrú agus dul amach ag súgradh.


-Féach orm a Dhaid! Tá an sleamhnán is gaiste ar domhan agam, a deir sí agus sleamhnaíonn sí síos an cnoc.


Arna insint ag agus aistrithe ag:
Mary-Pat O Malley
Thug Siobhán Uí Dálaigh lámh chúnta dom